# Candidate Information Booklet

poistphoiblí
publicjobs

## 158- Príomhoifigeach Faisnéise, An nGarda Síochána

**Ionad:** Baile Átha Cliath

**Cliant:** An Garda Síochána

**Dáta Dúnta:** 3i.n., Déardaoin 4 Meán Fómhair 2025

# Príomhoifigeach Faisnéise, An Garda Síochána

Tá poistphoiblí tiomanta do dheiseanna comhionannais agus cuirimid fáilte roimh iarratais faoi na naoi bhforas san Acht um Chomhionannas Fostaíochta.

Tá an post seo á fhógairt ag poistphoiblí agus reáchtálfaidh siad an feachtas earcaíochta seo ar son an Gharda Síochána, de réir an chóid chleachtais maidir le poist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a d'ullmhaigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP). Foilsíonn an CCSP Cóid Chleachtais agus tá siad ar fáil ag www.cpsa.ie

Is éard atá i gceist le poistphoiblí ná an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, a bunaíodh faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004-2013.

**Teagmháil le:** Julie Hoey, Uas., Ceannasaí ar thaobh poistphoiblí

**Ríomhphost:** julie.hoey@publicjobs.ie

**URL:** www.publicjobs.ie

**Teideal an Phoist: Príomhoifigeach Faisnéise**

**Eagraíocht An Garda Síochána**

**Ionad: Ceanncheathrú an Gharda Síochána, Éire (ar an láthair)**

## Achoimre ar an nGarda Síochána

Is é an Garda Síochána seirbhís náisiúnta phóilíneachta agus slándála na hÉireann, ina bhfuil thart ar 14,200 Ball den Gharda Síochána agus 3,700 Ball Foirne de chuid an Gharda Síochána. Is eagraíocht é an Garda Síochána a bhíonn dírithe ar an bpobal agus tá sé mar aidhm aige 'Daoine a Choinneáil Slán'. Tá ról agus freagracht dhéach ag an eagraíocht maidir le seirbhísí póilíneachta a chur ar fáil, agus slándáil an Stáit a chosanta, agus tá an Garda Síochána tiomanta seirbhís fhreagrúil, éifeachtach agus éifeachtúil a chur ar fáil, a fhreastalaíonn ar riachtanais ár bpobal.

Bunaíodh an eagraíocht níos mó ná 100 bliain ó shin nuair a bunaíodh an stát, agus tá cúlra bródúil aige maidir le póilíneacht phobail a chur ar fáil. Chun forbairt a dhéanamh ar an mbunús láidir seo, ní mór don Gharda Síochána forbairt a dhéanamh mar eagraíocht, agus freagairt a thabhairt, mar sheirbhís phóilíneachta agus slándála nua-aoiseach, ar an gcoiriúlacht, ar an leochaileacht, ar an daonra agus ar na nithe a mbíonn saoránaigh ag súil leo, rudaí a bhíonn ag síorathrú.

Ní mór don Gharda Síochána na príomhghealltanais a leagtar amach i gClár an Rialtais a chomhlíonadh. Chuige seo, tá forbairt mhór á déanamh ar an eagraíocht, agus táthar ag díriú ar úsáid éifeachtach acmhainní agus chumas an Gharda Síochána.

Le déanaí, chuir an Garda Síochána clár athchóirithe eagraíochta suntasach i bhfeidhm, i gcomhthéacs "Seirbhís Phóilíneachta dár dTodhchaí". Tá athruithe leathana eile á gcur i bhfeidhm chomh maith, lena n-áirítear; an leas is fearr a bhaint as an gCóras Oibríochta Rannóige agus cur i bhfeidhm an Achta Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail (2024). Tá foráil san Acht maidir le ról an Choimisinéara mar Phríomhfheidhmeannach na heagraíochta, agus neartaíonn an fhoráil sin an rialachas agus an chuntasacht, cuireann sí rialacháin nua i bhfeidhm agus tacaíonn sí le beartas, mar aon le córas fostaíochta nua do Bhaill Foirne de chuid an Gharda Síochána.

## Faoin Ról seo

Ba mhian leis an nGarda Síochána Ceannasaí Feidhmiúcháin i réimse na Teicneolaíochta Faisnéise a bhfuil scileanna den chéad scoth acu i dtaca le teagmháil le páirtithe leasmhara agus saineolas domhain maidir le straitéisí uaillmhianacha digiteacha agus sonraí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun freastal ar na riachtanais a bhíonn ag seirbhís phóilíneachta agus slándála ardfheidhmíochta.

Beidh tuiscint ag an gceapaí ar thaithí a fháil ar fhorbairtí nua teicneolaíochta, lena n-áirítear forbairtí a bhaineann le cur isteach digiteach, Intleacht Shaorga, Anailísíocht Sonraí, cúrsaí néil agus Cibearshlándáil. Beidh tuiscint acu chomh maith ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le teicneolaíochtaí oidhreachta agus traidisiúnta agus ar na riachtanais a bhaineann le hacmhainneacht agus seasmhacht ghnó a chothabháil.

Ag tuairisciú don Phríomhoifigeach Corparáideach, beidh tuiscint acu ar chomhthéacs na mbagairtí, a bhíonn ag athrú go sciobtha, i dtaca leis an gCibearshlándáil agus beidh sé de chumas acu treoir a thabhairt maidir le cláir a chur i bhfeidhm chun a bheith ar an eolas faoi bhagairtí agus faoi dhúshláin nua.

**Sonraí Poist**
Beidh tuiscint ag an bPríomhoifigeach Faisnéise ar an luach a bhaineann le sonraí mar acmhainn san eagraíocht agus beidh sé de chumas acu bainistíocht a dhéanamh ar fheidhmeanna sonraí a bhaineann le rialachas, le hanailísíocht, le caighdeáin agus le slándáil.

Oibreoidh siad leis an bhFoireann Cheannaireachta Sonraí agus Teicneolaíochta chun an eagraíocht agus córais oibríochta a mhúnlú chun gur féidir leis an bhfeidhm teacht le dea-chleachtas agus le teicnící nua-aoiseach.

Déanfaidh an ceapaí maoirseacht ar bhuiséad mór caipitil agus caiteachais oibríochta agus ní mór dóibh dea-rialachas, comhlíonadh le beartas rialtais, agus úsáid éifeachtach agus chuí airgid phoiblí a léiriú.

Mar bhall tábhachtach den Fhoireann Ardbhainistíochta, léireoidh siad an luach a bhaineann leis an obair foirne, beidh siad in ann oibriú leis na foirne ceannaireachta éagsúla ar dhúshláin chasta agus ilréimsiúla phóilíneachta, slándála, agus eagraíochta. Oibreoidh siad lena gcomhghleacaithe póilíneachta chun tuiscint a fháil ar na riachtanais atá agus a bheidh ag an eagraíocht agus léireoidh siad go bhfuil siad sásta tuiscint dhomhain a fháil ar an eagraíocht agus ar fheidhmeanna póilíneachta.

**Freagrachtaí:**
Comhlíonfaidh an Príomhoifigeach Faisnéise na dualgais seo a leanas:

- Straitéisí faisnéise teicneolaíochta, digiteacha agus sonraí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun freastal ar na riachtanais a bhíonn ag fórsa póilíneachta nua-aoiseach, a bhíonn ag síorathrú;
- Treoir a thabhairt maidir le taighde ar theicneolaíochtaí nua, nuálacha agus atá ag teacht chun cinn, measúnú a dhéanamh ar roghanna agus moltaí a dhéanamh maidir le digitiú agus forbairtí teicneolaíochta don lucht ardbhainistíochta;
- Luach gnó a chruthú trí réitigh nua agus nuálacha atá dírithe ar an gcustaiméir a chur i bhfeidhm chun cur le feidhmíocht eagraíochta;
- Forbairt a dhéanamh ar chlár na heagraíochta maidir le Póilíneacht don dtugann Faisnéis Treoir, agus a chinntiú go mbaintear úsáid straitéiseach as sonraí mar acmhainn chun torthaí gnó a fheabhsú, agus chun rialachas éifeachtach sonraí a chinntiú;
- An leas is fearr a bhaint as teicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear úsáid chuí a bhaint as an Intleacht Shaorga a thagann le treoirlínte an rialtais;
- A chinntiú go gcuirtear comhthéacs na mbagairtí, a bhíonn ag athrú go sciobtha, san áireamh i straitéisí, i bpleananna agus i gcláir Chibearshlándála;
- Acmhainneacht agus seasmhacht na gcóras oibríochta a chothabháil, tacú leis na riachtanais a bhíonn ag eagraíocht chasta phóilíneachta agus slándála a oibríonn ar bhonn 24x7;
- Glacadh le hinfreastruchtúr digiteach agus réitigh néil chun feabhas a chur ar shlándáil, ar inscálaitheacht agus ar éifeachtacht ó thaobh costas de;
- Cur le clár inbhuanaitheachta an Gharda Síochána chun lorg carbóin na heagraíochta a laghdú;

- Bainistíocht agus maoirseacht a dhéanamh ar bhuiséad mór Caipitil agus Oibríochta, a chinntiú go mbaintear an leas is fearr as acmhainní ganna agus go mbaintear úsáid chuí agus éifeachtach as airgead poiblí;
- Treoir a thabhairt agus teagmháil a dhéanamh le foireann de ghairmithe éagsúla agus iad a spreagadh, cumas a chothú agus cumas na feidhme a fhorbairt chun a chinntiú go mbeidh na scileanna cearta san eagraíochta amach anseo;
- A chinntiú go gcoinnítear na caighdeáin is airde trí mhodhanna rialachais cuí agus trí mhaoirseacht a dhéanamh ar pholasaithe, ar chaighdeáin, agus ar chleachtais;
- Measúnú a dhéanamh ar rioscaí agus straitéisí laghdaithe a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leo ar bhealach cuí;
- Comhoibriú leis an bhfoireann Ardbhainistíochta chun athchóiriú digiteach a chur chun cinn, tacú le hathdhearadh próiseas gnó le teicneolaíocht agus feabhas a chur ar thaithí na bhfostaithe agus an phobail a úsáideann seirbhísí an Gharda Síochána;
- Comhpháirtithe tábhachtacha a aimsiú ar féidir leo cabhrú leis an nGarda Síochána chun luach a chur ar fáil, ag cloí le treoirlínte soláthair rialtais agus an luach ar airgead is fearr is féidir a chur ar fáil;
- Comhpháirtíocht a dhéanamh le forais rialtais thábhachtacha, lena n-áirítear an Roinn Dlí agus Cirt agus an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, chun a chinntiú go bhfuil forbairtí teicneolaíochta sa Gharda Síochána ag teacht le beartas an rialtais agus le dea-chleachtas;
- Comhoibriú le Príomhoifigigh Faisnéise eile san earnáil phoiblí chun tacú le gealltanais an rialtais i dtaca le hathchóiriú na hearnála seirbhíse chun seirbhísí rialtais níos éifeachtaí agus níos inrochtana a chur ar fáil do gach saoránach.
- Gréasáin sheachtracha a fhorbairt agus a chothú le Príomhoifigigh Faisnéise in eagraíochta eile san earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí chun tuiscint a fháil ar phríomhthreochtaí agus iad féin a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí.

**Critéir Cháilitheachta**

**<u>Riachtanach: Cáilíochtaí Gairmiúla, Taithí, Riachtanais, Scileanna</u>**

Ní mór don iarrthóir oiriúnach cáilíocht tríú leibhéal a bheith acu (Leibhéal 8 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí) in ábha(i)r a bhaineann leis an ról, nó creidiúnú ó fhoras gairmiúil cuí.

**AGUS**

- Gairm shuntasach i réimse na Teicneolaíochta Faisnéise nó na Sonraí ag leibhéal straitéiseach agus oibríochta in eagraíochtaí móra casta.

Ní mór don té a cheapfar na nithe seo a leanas a bheith acu chomh maith:

- Taithí shuntasach mar cheannaire ceannairí in eagraíochtaí móra a oibríonn ar bhonn 24x7;
- In ann a léiriú gur féidir leo cláir athruithe straitéiseacha agus nuálacha a sholáthar, trí úsáid a bhaint as réitigh dhigiteacha, sonraí agus theicneolaíochta chun luach suntasach eagraíochta a bhaint amach;
- Ceannaire a bhfuil neart taithí acu agus a bhfuil acmhainneacht phearsanta forbartha acu trí thaithí, trí thorthaí agus trí bhuillí éagsúla;
- Taithí chruthaithe agus creidiúnacht ag leibhéal feidhmiúcháin agus boird, in ann tionchar a imirt ar pháirtithe leasmhara tábhachtachta, go hinmheánach agus go seachtrach;

- Cumas tráchtála, in ann buiséid mhóra a phleanáil agus a bhainistiú ar bhealach éifeachtach agus freagracht láidir a ghlacadh as úsáid chuí airgid phoiblí.

**Riachtanais Saoránachta**

Ní mór d'Iarrthóir Incháilithe a bheith:

(a) A bheith ina saoránach den Limistéar Eacnamaíoch Eorpach (LEE). Is iad tíortha an Aontais Eorpaigh chomh maith leis an Íoslainn, an Lichtinstéin agus an Iorua tíortha an LEE; nó

(b) A bheith ina saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó

(c) A bheith ina saoránach den Eilvéis, de réir an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó

(d) A bheith ina saoránach neamh-LEE a bhfuil cead stampa 4[1] nó cead stampa 5 acu;

[1] Tabhair faoi deara go nglacfar le víosa 50 TEU, atá i bhfeidhm in ionad Stampa 4EUFAM i ndiaidh an Bhreatimeachta, mar víosa atá ar aon chéim le víosa Stampa 4.

**Ní mór d'iarrthóirí a bheith incháilithe roimh an dáta a ndéantar tairiscint ar phost ar bith.**

**Príomhscileanna/Príomhinniúlachtaí chun feidhmiú go héifeachtach mar Phríomhoifigeach Faisnéise**

| **Léiríonn siad Luachanna na Seirbhíse Poiblí** |
| --- |
| • Freastalaíonn an duine ar Rialtas agus ar mhuintir na hÉireann<br>• Feidhmíonn an duine le hionracas i gcónaí<br>• Léiríonn an duine go bhfuil meas acu ar dhaoine eile<br>• Glacann an duine freagracht as a ngníomhaíochtaí féin |
| **Smaointeoireacht Straitéiseach** |
| • Cruthaíonn an duine fís don eagraíocht agus don earnáil agus tuarann siad na riachtanais chun í a sholáthar<br>• Déanann an duine anailís ar cheisteanna casta go sciobtha agus tuarann siad na torthaí<br>• Cur chuige leathan a thógáil agus ceangail, rioscaí agus cumas maidir le nuálaíocht i gcoitinne a fheiceáil<br>• Treoir a thabhairt maidir le cleachtais bhainistíochta riosca a chur i bhfeidhm agus rioscaí cothroma a ghlacadh<br>• A bheith misneach nuair atá cinntí deacra á ndéanamh |
| **Caidrimh a Bhainistiú:**<br>**Daoine a Stiúradh** |
| • Tá an duine ina gceannaire sofheicthe agus fuinniúil a bhíonn a dhéanann teagmháil le daoine eile<br>• Forbraíonn an duine foirne idir-rannacha agus a bhfuil na feidhmeanna céanna acu agus tugann siad tacaíocht dóibh<br>• Dáileann an duine freagracht agus cinntíonn siad go bhfuil daoine eile freagrach<br>• Socraíonn an duine spriocanna dúshlánacha  agus cuireann siad bainistíocht éifeachtach feidhmíochta i bhfeidhm<br>• Cuireann an duine oiliúint agus tacaíocht ar fáil do dhaoine eile chun na torthaí is fearr a bhaint astu agus iad a fhorbairt |
| **Caidrimh a Bhainistiú:**<br>**Comhoibriú agus Cumarsáid a Dhéanamh ar bhealach Diongbháilte** |
| • Bíonn an duine iomlán páirteach agus gníomhach ar an bhfoireann shinsearach maidir leis an Roinn a mhúnlú agus a stiúradh<br>• Déanann an duine cumarsáid  go gairmiúil agus go hinchreidte, déanann siad bainistíocht ar ionchais dhaoine eile<br>• Déanann an duine idirbheartaíocht agus imríonn siad tionchar ar dhaoine eile le scil agus díograis<br>• Íogaireachtaí agus ceisteanna casta polaitiúla a thuar agus freagra a thabhairt go feasach agus go cuiditheach<br>• Cothaíonn agus cothabhálann an duine caidreamh éifeachtach oibre le páirtithe leasmhara<br>• Cabhair a thabhairt maidir le comhoibriú, comhpháirtíocht agus gréasáin go hinmheánach agus go seachtrach chun spriocanna coitianta a bhaint amach |
| **Dírithe ar thorthaí a bhaint amach:**<br>**Ardfheidhmíocht agus Torthaí a Bhaint Amach** |
| • Bíonn an duine freagrach as a ngníomhartha agus a gcinntí féin<br>• A chinntiú go bhfuil an réimse iomlán de dhisciplíní bainistíochta i bhfeidhm chun seirbhísí ar ardchaighdeán a bhaint amach go sciobtha agus laistigh den bhuiséad<br>• Déanann an duine scrúdú ar phróisis chun feabhas a chur ar chumas, fhreagrúlacht agus chun béim a leagan ar an gcustaiméir<br>• A chinntiú go gcuirtear rudaí i bhfeidhm trí mhodhanna éagsúla, lena n-áirítear trí pháirtithe seachtracha<br>• Díríonn an duine ar obair phráinneach chun na torthaí is fearr a bhaint amach<br>• Cinntíonn an duine go bhfuil aiseolas maith i bhfeidhm idir forbairt agus oibríochtaí beartais |
| **Dírithe ar thorthaí a bhaint amach:**<br>**Díograis agus Teacht Aniar** |

- Léiríonn an duine tionscnaíocht agus tiomantas agus fuinneamh ardleibhéil
- Ceannaireacht agus bainistíocht éifeachtach i dtaca le tosaíochtaí móra casta
- Cuireann an duine a dtuairimí in iúl le muinín agus go láidir
- Tuiscint a bheith acu ar an ról/orthu féin agus straitéisí tacaíochta pearsanta a úsáid le bheith dírithe agus teacht chucu féin in ainneoin díomá
- Tá an duine dearfach agus gairmiúil in ainneoin deacrachtaí

**Saineolas Speisialtachta agus Féinfhorbairt**

- Iad féin a choinneáil ar an eolas faoi cheisteanna a bhaineann le ranna, rannóga, polaitíocht agus ceisteanna idirnáisiúnta agus a n-impleachtaí ginearálta don saoránach agus don Stát
- Cuireann an duine lena saineolas i réimsí ábhartha agus léiríonn siad an saineolas seo ar bhonn leanúnach
- Tá an duine féinfheasach agus lorgaíonn siad deiseanna chun iad féin a fhorbairt
- Lorgaíonn an duine aiseolas agus déanann siad athbhreithniú ar a gcleachtas agus a n-iompar féin
- Tá cáil ar an duine mar shaineolaí ina réimse(í) speisialtachta féin

**Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint, má thugtar cead isteach ar an gcomórtas dóibh, nach gciallaíonn sé sin go nglactar leis go gcomhlíonann siad na critéir cháilitheachta. Ba chóir d'iarrthóirí a chinntiú, mar sin, go gcomhlíonann siad na critéir cháilitheachta don chomórtas seo.**

**Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta do Sheirbhísigh Phoiblí**

Thug litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe den 28 Meitheamh, 2012, chuig Oifigigh Phearsanra isteach Comhaontú Comhchoiteann a socraíodh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí an ICTU maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta *ex-gratia* do Sheirbhísigh Phoiblí, le bheith i bhfeidhm ón 1 Meitheamh 2012. Tá sé mar choinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a ghlacann leis an gcomhaontú i dteideal fostaíochta arís sa tseirbhís phoiblí ó aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 – 2011) ar feadh tréimhse de 2 bhliain ó cuireadh deireadh leis an bhfostaíocht. Beidh ar dhaoine a ghlac leis an scéim seo agus ar féidir go n-éireodh leo sa chomórtas seo a dteidlíocht a chruthú (críoch le tréimhse gan bheith i dteideal).

**Scéim Dhreasaithe Luathscoir (SDL):**

Tá sé mar choinníoll den Scéim Dhreasaithe Luathscoir (SDL), mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais, nach féidir le daoine ar scor, faoin Scéim sin, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó sa réimse céanna. Mar sin, ní féidir le daoine dá leithéid atá ar scor iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

**Ciorclán (7/2010) na Roinne Sláinte agus Leanaí**

Thug Ciorclán 7/2010 na Roinne Sláinte den 1 Samhain, 2010, Scéim Dhreasaithe Luathscoir Dheonach agus Scéimeanna Deonacha Iomarcaíochta (SDI) isteach. Tá sé mar choinníoll den Scéim Dheonach Luathscoir nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim i dteideal a bheith fostaithe arís in earnáil na sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne nó i bhforas a fhaigheann maoiniú i bpáirt nó go hiomlán ó airgead poiblí. Tá an cosc céanna ar athfhostaíocht i bhfeidhm faoin SDI ach go maireann an tréimhse choiscthe 7 mbliana. Níl duine ar bith a ghlac páirt sa SDL i dteideal iarratas a dhéanamh ar an gcomórtas. Beidh ar dhaoine a ghlac le SDI agus a n-éiríonn leo sa chomórtas seo a dteidlíocht a chruthú (críoch le tréimhse gan bheith i dteideal) má éiríonn leo sa chomórtas seo.

**(Litir LG(P) 06/2013) na Roinne Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil**

Chuir Imlitir LG (P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil Scéim Dheonach Luathscoir i bhfeidhm d'Údaráis Áitiúla. De réir théarmaí an Chomhaontaithe: Íocaíochtaí iomarcaíochta do Sheirbhísigh Phoiblí den 28 Meitheamh, 2012, mar a shonraítear thuas, is coinníoll den SDL sin nach mbeidh fostaithe i dteideal a bheith fostaithe arís i bhforas Seirbhíse Poiblí ar bith [mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe leis an Phobal 2009 - 2011 agus in Acht na bPinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile)] ar feadh tréimhse dhá bhliain ón dáta ar a bhfágann siad faoin Scéim seo. Beidh na coinníollacha seo i bhfeidhm sa chás go mbaintear feidhm as seirbhís ar bhonn conartha (mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chonraitheoir).

**Dearbhú**

Beidh ar iarrthóirí a dheimhniú ar ghlac siad páirt roimhe seo i scéim dhreasaithe luathscoir de chuid na Seirbhíse Poiblí. Beidh ar iarrthóirí chomh maith aon teidlíocht atá acu ar shochar pinsin Státseirbhíse (trí íocaíocht nó trí leasú) ó aon fhostaíocht eile sa tSeirbhís Phoiblí a dhearbhú agus/nó má fuair siad íocaíocht in ionad maidir le seirbhís i bhfostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí.

**Fostóir de Rogha**

Mar **Fhostóir de Rogha**, tá roinnt polasaithe solúbtha agus polasaithe atá oiriúnach do theaghlaigh i bhfeidhm sa Gharda Síochána, m.sh. Postroinnt, Bliain Oibre Níos Giorra, Obair Chumaisc srl. Is féidir le hoifigigh cur isteach ar gach polasaí roghnach de réir na bhforálacha cuí reachtúla agus de réir riachtanais ghnó na heagraíochta. Is ról Sinsearach é seo agus táthar ag súil leis go mbeidh an ceapaí lonnaithe i gCeanncheathrú an Gharda Síochána agus, cé gur féidir go ndéanfar machnamh ar iarratais ar obair chumaisc de réir pholasaí na heagraíochta, de réir chineál an phoist, táthar ag súil leis go mbeidh an ceapaí ar an láthair den chuid is mó.

## Príomhchoinníollacha Seirbhíse

**Tréimhse Oifige**
Ceapachán i bpost buan sa Gharda Síochána atá ann atá faoi réir ag an Acht Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail, ag an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004, agus ag cibé Acht eile atá i bhfeidhm idir an dá linn i dtaca leis an nGarda Síochána.

**Tuarastal**
Tá an post seo ag leibhéal an Rúnaí Chúnta.

Tá an scála tuarastail RPP (Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin) don phost seo, i bhfeidhm ón 1 Lúnasa 2025, mar seo a leanas:

€168,138 €175,779 €184,060 €192,339

**Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin**
Tá an ráta RPP i bhfeidhm nuair a chaithfidh an duine Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin (nó ranníocaíocht phríomhscéime, mar a thugtar uirthi chomh maith) a dhéanamh, de réir rialacha a bpríomhscéime/a scéime pearsanta aoisliúntais. Ní hionann sin agus an ranníocaíocht a dhéantar mar bhall de scéim do Chéilí agus do Leanaí, nó na Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Eile.

Beidh ráta eile i gceist mura gcaithfidh an ceapaí Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin a dhéanamh.

Ba chóir d’iarrthóirí a thuiscint go dtosófar ag an bpointe is ísle den scála tuarastail agus nach féidir idirbheartaíocht a dhéanamh faoi agus gur féidir go n-athrófar an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais. Is féidir go n-íocfar incrimintí go bliantúil má tá an obair sásúil.

**Nóta Tábhachtach**
Is féidir go mbeidh feidhm ag pá éagsúil agus ag coinníollacha éagsúla más rud é, go díreach roimh an gceapachán, gur Státseirbhíseach nó Seirbhíseach Poiblí an ceapaí.

Déanfar íocaíochtaí i riaráistí gach coicís trí Ríomhaistriú Airgid chuig cuntas bainc de rogha an fhostaí. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí go gcuirtear uimhir chuntais bainc agus cód sórtála ar aghaidh chuig an Stiúrthóireacht AD, Teach Áth Luimnigh, Baile Eoin, an Uaimh, Co. na Mí C15 ND62. Déanfar asbhaintí reachtúla ón tuarastal mar is cuí.

Nuair a cheaptar thú, aontóidh tú go n-íocfar aon ró-íocaíocht de thuarastal, liúntais nó chostais ar ais de réir Pholasaí an Gharda Síochána i dtaca le Bainistíocht Ró-Íocaíochtaí.

**Ionad**
Beidh an duine sa phost lonnaithe i **gCeanncheathrú an Gharda Síochána, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8**.

**Tréimhse Oifige agus Promhadh**
Ceapachán ar chonradh promhaidh i bpost buan sa Gharda Síochána atá anseo.

Mairfidh an conradh promhaidh ar feadh tréimhse de bhliain amháin ón dáta atá sonraithe sa chonradh.

Le linn do thréimhse promhaidh, beidh do chuid oibre faoi réir ag athbhreithniú a dhéanfaidh do bhainisteoir líne chun na nithe seo a leanas a chruthú:

(i) Go bhfuil do chuid oibre sásúil,
(ii) Gur iompair tú thú féin ar bhealach sásúil, agus
(iii) Go bhfuil tú oiriúnach ó thaobh na sláinte de, go háirithe maidir leis an tsaoire bhreoiteachta.

Sula dtiocfaidh deireadh leis an tréimhse phromhaidh socrófar go gcoinneofar nó nach gcoinneofar thú faoi Pholasaí an Gharda Síochána i dtaca le Promhadh. Déanfar an cinneadh seo a bhunú ar an gcaoi ar chruthaigh tú thú féin le hais na gcritéar a leagtar amach in (i) go dtí (iii) thuas. Míneofar mionsonraí an phróisis phromhaidh don cheapaí agus tabharfar cóip de pholasaí an Gharda Síochána maidir leis an tréimhse phromhaidh dóibh.

In aineoinn na n-alt roimhe seo sa mhír seo, is féidir le ceachtar den dá thaobh deireadh a chur leis an gconradh promhaidh tráth ar bith roimh dheireadh thréimhse an chonartha de réir an Achta um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 – 2005.

Sna cásanna seo a leanas, is féidir go gcuirfear síneadh leis an tréimhse phromhaidh:

- Cuirtear an tréimhse phromhaidh ar fionraí nuair atá an té a cheapfar as láthair mar gheall ar Shaoire Mháithreachais nó Shaoire Uchtaithe.
- Maidir le duine atá as láthair mar gheall ar Shaoire Thuismitheora nó mar gheall ar Shaoire Chúramóra, is féidir go mbeidh ar an bhfostóir an tréimhse phromhaidh a chur ar fionraí má cheaptar nach mbeadh sé oiriúnach leanúint leis an tréimhse phromhaidh
- Aon fhoráil reachtúil eile a ordaíonn go mbeidh an tréimshe phromhaidh ar
  (i) fionraí le linn na tréimhse dona bhfuil an fostaí as láthair ón obair, agus
  (ii) go gcomhlíonfaidh an fostaí an tréimhse sin nuair a thagann siad ar ais chuig an obair i ndiaidh dóibh a bheith as láthair.

Má chuirtear an tréimhse phromhaidh ar fionraí, míneoidh an Garda Síochána na cúinsí a bhaineann leis bhfionraíocht duit.

Ní mór do gach ceapaí tréimhse phromhaidh aon bhliana a chomhlíonadh. Sa chás go raibh ceapaí a dteipeann orthu coinníollacha an phromhaidh a chomhlíonadh ina mBall Foirne de chuid an Gharda Síochána díreach roimh a gceapachán ón gcomórtas seo, is iondúil go

dtiocfaidh ceist an fhillte chun tosaigh. I gcás an fhillte, rachaidh an fostaí ar ais i bhfolúntas sa ghrád a bhí acu roimhe seo.

**Uaireanta Freastail**

Beidh na huaireanta freastail de réir mar a shocraítear iad ó am go ham agus ní bheidh siad níos lú, ar an meán, ná 41 uair an chloig agus 15 nóiméad san iomlán, le sosanna lóin san áireamh, nó 35 huaire an chloig glan in aghaidh na seachtaine.

Beidh ar an duine a cheapfar uaireanta breise a dhéanamh ó am go ham mar a bheidh réasúnta agus riachtanach chun dualgais an phoist a chomhlíonadh i gceart, de réir na dteorainneacha atá leagtha amach sna rialacha um uaireanta oibre.

**Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977-2015**
Ní bheidh na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977-2015, i gceist i gcríochnú na fostaíochta seo ach amháin ar an gcúis go gcríochnaíonn an conradh seo gan í a athnuachan.

**An tAcht um Eagrú Ama Oibre**
Beidh téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997, i bhfeidhm maidir leis an bhfostaíocht seo, más cuí.

**Ceanncheathrú**

Beidh ceanncheathrú an té a cheapfar lonnaithe de réir mar a ainmneoidh Ceannasaí na Roinne/na hEagraíochta ó am go ham. Tá an post seo lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Nuair a bhítear ar dualgas, agus as láthair ón mbaile agus ón gceanncheathrú dá bharr, íocfar costais chuí taistil agus liúntais chothaithe leis an cheapaí, faoi réir ag gnáthrialacha na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí.

**Dualgais**

Ní mór don oifigeach aon dualgas atá oiriúnach don phost, a thugtar dóibh ó am go chéile, a chomhlíonadh. Ní bheidh cead ag an bhfostaí gabháil do chleachtas príobháideach nó níl sé ceadmhach baint a bheith acu le haon ghnó seachtrach a chuirfeadh isteach ar a dhualgais oifigiúla nó ar a ról.

**Saoire Bhliantúil**
Beidh saoire bhliantúil de 30 lá oibre in aghaidh na bliana agat. Bunaítear an tsaoire bhliantúil seo, atá faoi réir na ngnáth-choinníollacha a bhaineann le saoire bhliantúil a cheadú, ar sheachtain cúig lá agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí san áireamh.

**Saoire Bhreoiteachta**
Íocfar pá le linn saoire breoiteachta má thugtar deimhniú cuí, de réir fhorálacha pholasaí an Gharda Síochána maidir le saoire bhreoiteachta.

Má tá fostaí i dteideal Sochar Breoiteachta (IB), ní mór dóibh cloí leis na nósanna imeachta a bhaineann le IB a éileamh ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus ní mór dóibh a dheimhniú gur thug siad cead an íocaíocht IB a dhéanamh go díreach don Gharda Síochána. Mura ndéantar sin, is féidir go ndéanfar ró-íocaíocht.

**Aoisliúntas agus Scor**
Tabharfar na téarmaí agus na coinníollacha i dtaca le haoisliúntas atá i bhfeidhm ag an am sa Gharda Síochána don té a cheapfar nuair a thairgtear an ceapachán. I gcoitinne, tairgfear ceapachán do cheapaí nár oibrigh riamh sa tSeirbhís Phoiblí mar bhall de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair"). Tá sonraí uile na scéime ar fáil ar www.singlepensionscheme.gov.ie.

Sa chás gur oibrigh an ceapaí i bpost inphinsin seirbhíse poiblí (téarmaí scéime neamh-aonair) sna 26 seachtaine roimh an gceapachán nó sa chás go bhfuil an ceapaí ar shos gairme nó ar shaoire speisialta faoi láthair le/gan phá is féidir go mbeadh coinníollacha difriúla i bhfeidhm. Socrófar teidlíocht phinsin ceapaithe dá leithéid de réir cibé cuntas fostaíochta seirbhíse poiblí atá acu.

Is iad seo thíos na príomhfhorálacha maidir le ballraíocht sa Scéim Aonair:
- Aois Phinsin: Ní íocfar pinsean go dtí go bhfuil duine 66 bliana d'aois, an aois ag a gcáilíonn duine faoi láthair don Phinsean Stáit.
- Aois Scoir: Ní mór do bhaill na scéime dul ar scor ag 70 bliain d'aois.
- Úsáidtear an meán-tuarastal le linn na gairme chun leas a áireamh (cuirtear suim phinsin agus cnapshuim le chéile gach bliain agus tugtar ráta nua dóibh gach bliain de réir an CPI).
- Tá méadú i bpinsean scoir an phoist ceangailte le CPI.

**Lacáiste Pinsin**
Má bhí an ceapaí fostaithe cheana sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus ag saothrú pinsin ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó má thagann pinsean ón Státseirbhís/tSeirbhís Phoiblí i bhfeidhm le linn a (h)athfhostaíochta, beidh an pinsean **faoi réir ag lacáiste** faoi Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **Tabhair faoi deara: Nuair a dhéanann tú iarratas ar an bpost seo glacann tú leis go dtuigeann tú go mbeidh an fhoráil do lacáiste, más cuí, i bhfeidhm. Ní cheaptar go nglacfaidh an Garda Síochána le hiarratas ar athscaoileadh lacáiste i dtaca le ceapachán sa phost seo.**

Má bhí an duine a cheaptar fostaithe cheana sa Státseirbhís, áfach, agus gur bronnadh pinsean orthu faoi shocruithe luathscoir deonacha (seachas Scéim Dhreasaithe Luathscoir (SDL), nó de Chiorclán 7/2010 Scéim Dheonach Luathscoir/SDI na Roinne Sláinte, nó de Chiorclán LG(P) 06/2013 den Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil, a fhágann nach bhfuil duine incháilithe don chomórtas), ní bheidh an duine a cheaptar i dteideal an phinsin sin ó dháta an athcheapacháin. Déanfar socruithe speisialta, áfach, chun go gcuirfear san áireamh cibé iar-sheirbhís a thug an t-oifigeach go dtí seo chun críocha aon aoisliúntas a bhféadfadh an t-oifigeach a bheith i dteideal dó sa todhchaí.

**Ciorclán 102/2007 na Roinne Oideachais agus Scileanna - Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí**

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Mar choinníoll den Scéim Luathscoir, seachas i gcásanna a leagtar amach in alt 10.2 agus 10.3 den chiorclán cuí agus sna cásanna sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shraith 1, 2 nó 3 den scéim seo agus má fhostaítear iad ar dhóigh ar bith i réimse ar bith san earnáil phoiblí, cuirfear stad láithreach le híocaíocht phinsin don duine sin. Déanfar íocaíochtaí pinsin, áfach, nuair a chríochnóidh an fhostaíocht sin nó ar a 60ú lá breithe, cé acu is déanaí, ach nuair

a thosóidh sé arís beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe an duine mar mhúinteoir (.i. ní chuirfear na blianta breise a tugadh roimhe seo san áireamh nuair atá íocaíocht phinsin á háireamh).

**Scor de Bharr Drochshláinte (SDS)**

Tabhair faoi deara gur gá do dhuine ar bith a chuaigh ar scor de bharr drochshláinte faoi théarmaí na scéime aoisliúntais a dheimhniú leis an eagraíocht a riarann an comórtas earcaíochta, ag an gcéad chéim den phróiseas iarratais, go bhfuil siad ag fáil pinsin dá leithéid.

Ní mór d'iarrthóirí freastal ar oifig an Phríomhoifigigh Leighis chun go measfar a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar agus ag cur san áireamh an chúinse a cháiligh iad do Scor de Bharr Drochshláinte.

Ceapachán tar éis Scoir de bharr Drochshláinte ón Státseirbhís

Má éiríonn lena n-iarratas sa chomórtas, ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

1. Má cheaptar go bhfuil siad in ann seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar agus go sanntar iad i bpost, cuirfear deireadh lena bpinsean de bharr drochshláinte ón státseirbhís.
2. Má tharlaíonn ina dhiaidh sin go dteipeann orthu an promhadh a chomhlíonadh nó go socraíonn duine an post sannta a fhágáil, ní féidir a stádas SDS a fhreaschur nó a bpinsean SDS ón státseirbhís a bhí ann roimh an iarratas a thabhairt ar ais agus níl aon teidlíocht dá leithéid.
3. Beidh an t-iarrathóir ina b(h)all de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí nuair a cheaptar iad má briseadh seirbhís inphinsin státseirbhíse/seirbhíse poiblí ar feadh níos mó ná 26 seachtaine.

Ceapachán tar éis scoir de bharr drochshláinte ón tSeirbhís Phoiblí

1. I gcás go bhfuil duine éirithe as foras seirbhíse poiblí mar gheall ar dhrochshláinte, is féidir go ndéanfar athbhreithniú ar phinsean an duine sin ón bhfostaíocht sin de réir na rialacha a bhaineann le scor de bharr drochshláinte faoin scéim sin.
2. Má éiríonn le hiarrthóir, nuair a cheapfar iad, beidh ar an iarrthóir a dheimhniú an bhfuil siad ag fáil pinsin seirbhíse poiblí (drochshláinte nó eile) agus is féidir go laghdófar an pinsean seirbhíse poiblí.
3. Beidh an t-iarrathóir ina b(h)all de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí nuair a cheaptar iad má briseadh seirbhís inphinsin státseirbhíse/seirbhíse poiblí ar feadh níos mó ná 26 seachtaine.

Tá níos mó eolais maidir le himpleachtaí pinsin dóibh siúd atá ag fáil pinsin seirbhíse poiblí nó státseirbhíse de bharr drochshláinte ar fáil tríd an nasc seo nó ar iarratas ó poistphoiblí.

**Fabhrú Pinsin**

Beidh teorainn de 40 bliain seirbhíse san iomlán gur féidir a áireamh do phinsean i gceist sa chás go raibh duine ina b(h)all de níos mó ná scéim phinsin seirbhíse poiblí amháin a bhí ann

cheana (.i. Scéim neamh-shingil) de réir Acht na bliana 2012. Foráiltear don teorainn seo san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Is féidir go mbeidh impleachtaí aige sin do dhuine ar bith le ceapadh a shaothraigh cearta pinsin ó fhostaíocht cheana sa tSeirbhís Phoiblí.

**Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Eile**
Tá an ceapachán ag brath ar ranníocaíochtaí aoisliúntais sa bhreis (RAB) de réir an Achta um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. Nóta; Déantar asbhaintí RAB i dteannta le haon ranníocaíochtaí pinsin (príomhscéim agus ranníocaíochtaí céile agus leanaí) atá riachtanach faoi rialacha do scéime pinsin.

Tá tuilleadh eolais faoin Scéim Pinsin Aonair do Sheirbhísigh Phoiblí ar fáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas: www.singlepensionscheme.gov.ie

**Rúndacht agus Caighdeáin Iompair: Rúndacht Oifigiúil agus Ionracas**
Beidh an ceapaí, le linn théarma a gceapacháin, ag feidhmiú faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Aontóidh an ceapaí gan aon fhaisnéis rúnda a scaoileadh le tríú páirtí neamhúdaraithe, bíodh sé sin le linn na tréimhse fostaíochta nó ina diaidh.

**Cód Caighdeán agus Iompair an Gharda Síochána**
Beidh an té a cheapfar faoi réir Chód an Gharda Síochána um Chaighdeáin agus Iompar.

Sa Chód Eitice don Gharda Síochána leagtar amach naoi gcaighdeán iompair agus cleachtais do gach duine sa Gharda Síochána, agus tá roinnt gealltanas ag baint le gach ceann acu.

Ba chóir go mbeadh iarrthóirí ar an eolas faoi na nithe seo a leanas: má éiríonn leo sa chomórtas, beidh orthu dearbhú a shíniú lena dtiomantas don Chód Eitice a dheimhniú agus dearbhóidh siad gur léigh agus go dtuigeann siad Cód Eitice an Gharda Síochána agus go gcloífidh siad leis na caighdeáin a leagtar amach ann.

**Ceadú roimh ré maidir le foilseacháin:**
Aontóidh an ceapaí gan aon ábhar a bhfuil baint aige lena ndualgais oifigiúla a fhoilsiú gan cead a fháil ón mBall Foirne údaraithe cuí de chuid an Gharda Síochána.

**Gníomhaíocht Pholaitiúil**
Le linn na tréimhse fostaíochta beidh an ball foirne de chuid an Gharda Síochána faoi réir ag na rialacháin a rialaíonn seirbhísigh phoiblí agus cúrsaí polaitíochta.

**FÓGRA TÁBHACHTACH**

**Is iad sin thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé ar intinn gur liosta cuimsitheach atá ann ar na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta ar fad a bheidh leagtha amach sa chonradh fostaíochta a aontófar leis an iarrthóir(í) a cheapfar.**

**AN PRÓISEAS ROGHNAITHE**

**Conas Iarratas a Dhéanamh**

Ní mór iarratas a chur isteach **ar líne** trí[www.publicjobs.ie](http://www.publicjobs.ie) agus cáipéis amháin a chur leis ina bhfuil na nithe seo a leanas:

- **CV cuimsitheach**, lena n-áirítear cairt eagraíochta.
- **'Foirm na bPríomhéachtaí'**
- **Litir ghearr chumhdaigh / ráiteas pearsanta.**

Is féidir teacht ar an teimpléad don Fhoirm Iarratais ar thaobh na láimhe deise ar an bhfógra ar publicjobs.ie. Má tá deacrachtaí agat, téigh i dteagmháil le **seniorexec@publicjobs.ie**

**Dáta Dúnta: 3i.n ar an , Déardaoin 4 Meán Fómhair 2024**

Ní ghlacfar le hiarratais nach gcuirtear isteach san fhormáid cheart nó i ndiaidh an dáta dúnta.

In poistphoiblí, tá muid ag bogadh chuig ardán earcaíochta nua chun feabhas a chur ar sheirbhísí agus ar thaithí an iarrthóra. De bharr na seirbhíse nua, beidh d'iarratas níos feiceálaí duit agus beidh níos mó smachta agat air.

Agus iad ag teacht ar ár n-ardán earcaíochta nua den chéad uair, ní mór d'iarrthóirí clárú mar Úsáideoir Nua chun próifíl nua a chruthú (cuntas nua a chlárú). Chun seo a dhéanamh, téigh chuig an bhfolúntas ar mhaith leat cur isteach air ar ár gClár Post trí chliceáil ar theideal an phoist. Tabharfar ar ais chuig an bhfolúntas agus cliceáil ar "Cláraigh" ar thaobh na láimhe deise ag barr leathanach an fholúntais; lean na treoracha a thugtar.

Beidh cuntas ag iarrthóirí a chláraigh ar an ardán nua cheana agus ba chóir dóibh 'Logáil Isteach' nó 'Cuir Iarratas Isteach' ar thaobh na láimhe deise ag barr an leathanaigh chláraithe nó tríd an nasc ag bun an leathanaigh.

Agus tú cláraithe agus nuair a dheimhnítear do sheoladh ríomhphoist, is féidir leat cur isteach ar an bhfolúntas ar ár n-ardán nua. Chun seo a dhéanamh, don fheachtas seo, beidh ort dul ar ais chuig leathanach an fholúntais – **Príomhoifigeach Faisnéise – An Garda Síochána** – ar an gclár post ar **[www.publicjobs.ie](http://www.publicjobs.ie)** agus cliceáil ar "Cuir Iarratas Isteach". An uair seo, ba chóir duit "Logáil Isteach" a roghnú sa rannán ar thaobh na láimhe deise ag barr an Leathanaigh Logála Isteach; lean na treoracha a thugtar.

Téigh chuig an **Ionad Cabhrach** má tá ceisteanna agat nó má tá deacrachtaí teicniúla agat agus tú ag iarraidh bogadh timpeall an tsuímh nó ag iarraidh d'iarratas a chur isteach.

Seolfar an t-eolas is déanaí faoi do Chlár Teachtaireachtaí i ndiaidh gach céime den phróiseas roghnaithe.

Moltar duit breathnú ar do chlár teachtaireachtaí go rialta toisc gur féidir go seolfar ríomhphoist faoin eolas is déanaí/faoi thástálacha/faoi Agallaimh srl. a sheoltar chuig do Chlár

Teachtaireachtaí chuig d'fhillteáin do Dhramhaíl/Thurscar uaireanta. Moltar duit breathnú ar na fillteáin seo go rialta chomh maith.

Is faoin iarrthóir atá sé a chinntiú go bhfaigheann siad gach cumarsáid ó poistphoiblí.

Níl poistphoiblí freagrach as cumarsáid nár oscail nó nach bhfuair an t-iarrthóir.

Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar fáil ar an dáta/na dátaí a shonraíonn poistphoiblí agus ba chóir dóibh a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála ar an bhfoirm iarratais ceart.

**Tabhair faoi deara:**

Mura gcloiseann poistphoiblí faoi aon cheist nó faoi aon fhadhb a tharlaíonn duit ar lá na dtrialacha/an agallaimh, ní bheidh muid in ann plé leo ina dhiaidh sin.

**Próiseas Roghnaithe:**

Is féidir go mbeidh na nithe seo a leanas san áireamh

- gearrliostú iarrthóirí bunaithe ar an eolas atá ar fáil ina n-iarratais;
- réamhagallamh iomaíoch;
- ceistneoir(í) ar líne a chomhlíonadh;
- Measúnú Feidhmiúcháin
- cás-staidéar/sampla oibre/rólimirt/cleachtadh meán, agus aon triail nó cleachtadh oiriúnach eile;
- agallamh iomaíoch inar féidir go mbeidh ar iarrthóirí cur i láthair a dhéanamh.

**Beidh na hagallaimh ar siúl aghaidh ar aghaidh**.

**Tabhair faoi deara:**

Tugaimid fógra go bhfuarthas gach iarratas. Mura bhfaigheann tú admháil ar d'iarratas taobh istigh de 3 lá, seol ríomphost chuig seniorexec@publicjobs.ie. Seolfaidh muid ríomhphoist chugat ag na staideanna cuí lena rá leat féachaint ar do bhord teachtaireachtaí sábháilte ar publicjobs.ie leis an scéal is déanaí faoin gcomórtas a fháil. Déanann muid iarracht fógra a thabhairt chomh fada agus is féidir roimh na hagallaimh srl.; ba chóir d'iarrthóirí a chinntiú go bhfuil siad ar fáil ar an dáta/na dátaí a shonraíonn poistphoiblí..

**Gearrliostú**

Go hiondúil is mó i bhfad na hiarratais a fhaightear ná líon na bpost a bhíonn le líonadh. In ainneoin go gcomhlíonann iarrthóir riachtanais cháilitheachta an chomórtais, féadfaidh poistphoiblí cinneadh a dhéanamh líon níos lú de na hiarrthóirí a chur faoi agallamh má bhíonn an oiread sin iarrthóirí ann is nach mbeadh sé indéanta gach duine a chur faoi agallamh. Sa chás seo, cuireann poistphoiblí próiseas gearrliostaithe i bhfeidhm chun líon iarrthóirí, a bhfuil an dealramh orthu gurb iad is oiriúnaí don phost tar éis na foirmeacha iarratais a iniúchadh, a roghnú le dul faoi agallamh. Níltear ag tabhairt le fios go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach, nó nach bhfuil siad in ann tabhairt faoin bpost, ach go bhfuil iarrthóirí áirithe atá níos cáilithe agus/nó go bhfuil níos mó taithí iomchuí acu.

Déanfaidh bord saineolaithe scrúdú ar na foirmeacha iarratais de réir na gcritéar gearrliostaithe, atá bunaithe ar riachtanais an phoist. Is féidir go n-áireofar sna critéir do ghearrliostú na critéir atá riachtanach chomh maith leis na critéir atá inmhianaithe don

phost. Moltar duit, dá réir, mionchuntas cruinn a thabhairt ar do cháilíochtaí/thaithí i d'iarratas.

**Teistiméireachtaí**

Bheimis buíoch díot dá smaoineofá ar chúpla duine a bheadh oiriúnach, dar leat, mar mholtóirí a mbeimis in ann labhairt leo (2 ainm agus sonraí teagmhála). Ní gá go mbeadh d'fhostóir reatha san áireamh, ach ba chóir go mbeidís in ann teistiméireacht a thabhairt fút; ní mór go mbeadh duine amháin acu ina dhuine a raibh caidreamh tuairiscithe díreach agat leo. Ba chóir do na moltóirí a bheith in ann eolas cothrom le dáta a thabhairt faoi d'obair agus d'iompar san ionad oibre. B'fhéidir gur mhaith leat moltóirí a roghnú atá in ann eolas mar sin a thabhairt ó dhearcthaí éagsúla nó ó ionaid éagsúla oibre. Bí cinnte nach ndéanfaimid teagmháil le moltóirí ach amháin sa chás go gcuirtear san áireamh do cheapachán thú.

Tabhair faoi deara, le do thoil: má éiríonn leat san agallamh deiridh, beidh orainn teistiméireacht a fháil ó d'fhostóir reatha sula molfar thú do cheapachán. Iarrfar ort seo a dhéanamh tar éis tabhairt faoi phróiseas grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána. Is féidir go mbeidh ar iarrthóirí a mholtar do cheapachán seiceálacha éagsúla réamhfhostaíochta a chomhlíonadh, m.sh. Dearbhú Sláinte agus Dea-Cháile, Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, agus aon scrúdú oiriúnach eile.

**Má cheapann tú go mbainfeá leas as comhrá rúnda faoi ghné ar bith den deis shuntasach seo, téigh i dteagmháil le Julie Hoey trí mheán an rphoist ag Julie.hoey@publicjobs.ie**

**Grinnfhiosrúchán agus Imréiteach Slándála**

Beidh ort tabhairt faoi phróiseas grinnfhiosrúcháin an Gharda má tá machnamh á dhéanamh ort do cheapachán. Is próiseas cuimsitheach é seo agus is féidir go dtógfaidh sé 8-12 sheachtain. Ní féidir thú a cheapadh mura dtugann tú faoin bpróiseas Grinnfhiosrúcháin seo.

**Iarrthóirí faoi Mhíchumas**

Tá ról tábhachtach ag poistphoiblí maidir le hiarrthóirí ó gach carn den tsochaí a mhealladh agus maidir lena chinntiú go bhfuil rochtain ag gach duine a bhfuil suim acu i ndeiseanna gairme ar na deiseanna sin. Tá muid tiomanta do pholasaí comhdheiseanna do gach iarrthóir. Má tá tú **faoi mhíchumas nó má tá socruithe réasúnta ag teastáil uait le linn an phróisis roghnaithe (m.sh. d'agallaimh, do mheasúnuithe nó do chleachtaí)**, molann muid go láidir duit é sin a chur in iúl dúinn chun gur féidir linn a chinntiú go bhfaigheann tú an tacaíocht atá de dhíth ort.

Is éard atá i gceist le socruithe réasúnta inár bpróiseas roghnaithe ná socruithe agus athruithe praiticiúla a dhéantar chun a chinntiú go bhfuil an deis chéanna ag iarrthóir faoi mhíchumas agus atá ag gach iarrthóir eile. **Is féidir linn socruithe a chur ar fáil d'aon chéim den phróiseas, measúnuithe ar líne, agallaimh, nó cleachtaí san áireamh.** Maidir leis na socruithe a chuireann muid ar fáil, tá na socruithe seo a leanas i gceist: teicneolaíocht chúnta, am sa bhreis, scríobhaithe agus/nó léitheoirí agus socruithe éagsúla eile.

Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá socruithe ag teastáil uait, bí cinnte **nach mbeidh** tionchar aige sin ar do dhul chun cinn sa phróiseas roghnaithe; ní bheidh tú faoi mhíbhuntáiste má thugann tú eolas dúinn faoin míchumas atá ort nó faoi na socruithe atá de dhíth ort. Coinneoidh muid eolas faoin míchumas atá ort/faoi na socruithe atá de dhíth ort **faoi rún**

**daingean**.

Má éiríonn leat, **ní sheolfaidh muid** eolas a thugann tú dúinn faoin míchumas atá ort ag an gcéim seo den phróiseas **ar aghaidh chuig an roinn fostaithe**, ach amháin má iarrann tú orainn seo a dhéanamh.

Má chuireann tú in iúl i d'fhoirm iarratais go mbeidh socruithe réasúnta uait, beidh an rogha seo a leanas agat:

**A.** Má bhain tú leas as socruithe réasúnta le poistphoiblí le **trí bliana anuas**, ba chóir duit sonraí a thabhairt faoin **gcomórtas** is déanaí donar tugadh socruithe réasúnta duit, mar aon le d'**UA Iarrthóra**

**NÓ**

**B.** Beidh ort **tuairisc ó shíceolaí/tuairisc leighis a uaslódáil** mar chuid de d'iarratas, ina bhfuil sonraí faoi do mhíchumas/riachtanais.

Tá tuairisc ag teastáil uainn chun tuiscint níos fearr a fháil ar do mhíchumas agus ar do riachtanais. Mar aon le d'iarratas, cabhraíonn an tuairisc linn a shocrú cén socruithe a bheadh oiriúnach duit sa phróiseas roghnaithe.

Ní roinnfear na tuairiscí ach le hAonad na Seirbhísí Measúnaithe in poistphoiblí. Maidir leis an eolas sna tuairiscí sin atá cabhrach dúinn, tá an t-eolas seo a leanas san áireamh: torthaí aon tástálacha diagnóiseacha a rinne do shíceolaí/do dhochtúir, agus achoimre ón síceolaí/ón dochtúir ar mholtaí maidir le do riachtanais. Is féidir leat codanna de thuairiscí leighis/de thuairiscí ó shíceolaí **a cheilt (a bhaint amach)** má cheapann tú go bhfuil siad íogair nó nach bhfuil gá leo.

**Ná seol do thuairisc leighis/do thuairisc ó shíceolaí chugainn trí mheán an ríomhphoist–ba chóir í a uaslódáil le d'iarratas ar líne**.

Má tá deacracht ar bith agat agus do thuairisc á huaslódáil agat, téigh i dteagmháil le **seniorexec@publicjobs.ie**.

Cinnteoidh poistphoiblí go gcuirfear do shocruithe réasúnta i bhfeidhm ar bhealach cuí ag gach céim den phróiseas roghnaithe.

Má tá **aon cheist agat faoi phróiseas na socruithe réasúnta nó faoi na socruithe a tugadh duit**, téigh i dteagmháil le **ASU@publicjobs.ie**.

Más mian leat aon cheist a bhaineann le **hinrochtaineacht** ár seirbhíse nó ár bhfoirgnimh a phlé, nó má tá tacaíocht uait ónár d**Tacadóir Míchumais**, Amanda Kavanagh, téigh i dteagmháil le **edi@publicjobs.ie**

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Éagsúlacht agus faoin Ionchuimsiú, féach ar an **Mol Eolais** ar ár suíomh gréasáin.

Is féidir eolas a fháil faoi inrochtaineacht ár seirbhíse ar an leathanach dar teideal **Inrochtaineacht** ar ár suíomh gréasáin.

## Eolas Ginearálta

Ní bheidh poistphoiblí freagrach as aon chostas a tharraingíonn iarrthóirí orthu féin a íoc ar ais.

Ní thugann cead isteach iarrthóra ar chomórtas, nó cuireadh chun agallaimh, le tuiscint go nglacann poistphoiblí leis go gcomhlíonann an t-iarrthóir úd na riachtanais nó nach bhfuil an t-iarrthóir dícháilithe ó cheapachán, de réir dlí.

Déanfaidh poistphoiblí gach fiosrúchán atá riachtanach chun oiriúnacht iarrthóra a shocrú. Ní féidir socrú deiridh a dhéanamh, nó ní féidir glacadh leis go bhfuil socrú deiridh déanta, go dtí go bhfuil gach céim den phróiseas earcaíochta críochnaithe go hiomlán. Sa chás go ndiúltaíonn an chéad duine a mholtar do cheapachán don cheapachán sin, nó má éiríonn siad as tar éis dóibh glacadh leis an gceapachán, féadfaidh poistphoiblí, mar is toil leo, an dara duine a roghnú agus a mholadh le ceapadh de thoradh an chomórtais seo.

## Critéir ar leith an iarrthóra

Ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a bheith acu

- An t-eolas agus an cumas le dualgais an phoist a chomhlíonadh a bheith acu
- A bheith oiriúnach ó thaobh dea-cháile de
- A bheith oiriúnach don cheapachán ar gach slí;
- agus má éiríonn leo, ní cheapfar iad ach mar seo:

go n-aontaíonn siad dualgais an phoist a chomhlíonadh agus go nglacann siad leis na coinníollacha a bhaineann le, nó a d'fhéadfadh a bheith bainteach le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Go bhfuil siad iomlán inniúil agus go dtuigeann siad go hiomlán dualgais an phoist.

## Nuair a mheastar go bhfuil iarrthóireacht tarraingthe siar

Beifear den tuairim go bhfuil a n-iarrthóireacht tarraingthe siar ag iarrthóirí nach bhfreatsalaíonn ar agallamh is trialacha ag an am cuí san áit chuí nó nach soláthraíonn, má iarrtar a leithéid orthu, cibé fianaise atá de dhíth ar poistphoiblí i dtaca le hábhar ar bith a bhaineann lena n-iarrthóireacht.

Ní mór d’iarrthóirí gach doiciméad, foirmeacha a eisíonn poistphoiblí san áireamh, a chur ar fáil taobh istigh de chúig lá. Mura ndéantar seo, glacfar leis gur tharraing an t-iarrthóir siar ón gcomórtas agus ní thabharfar aon aird ar a n-iarrthóireacht a thuilleadh.

## Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí

Tá sé mar aidhm seirbhís den scoth a chur ar fáil dár gcustaiméirí ar fad. Má tá tú míshásta, ar chúis ar bith, le gné ar bith den tseirbhís a chuirtear ar fáil duit, iarraimid ort an t-ábhar a chur in iúl don aonad nó don bhall foirne cuí. Tá sé tábhachtach go ndéantar amhlaidh de bhrí go gcinntíonn sé go bhfuilimid ar an eolas faoin bhfadhb agus gur féidir linn bearta a chur i bhfeidhm chun an scéal a réiteach.

## Cearta agus Dualgais an Iarrthóra

**Rúndacht**

Is féidir le hiarrthóirí a bheith cinnte go bpléitear le gach fiosrúchán, iarratas agus gach gné den phróiseas a bhainistíonn poistphoiblí le hardrúndacht de réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014. Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint, áfach, gur féidir go dtabharfar gach ábhar iarratais don údarás/eagraíocht fostaithe. Baintear míreanna áirithe eolais, nach mbaineann le duine ar leith, as cuntais ríomhaire ar chúiseanna ginearálta staidrimh.

**Iarratas ar Athbhreithniú faoi na Cóid Chleachtais do Cheapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí.**

Má tá iarrthóir míshásta i ndiaidh dóibh toradh a fháil d'aon staid de phróiseas rognnaithe, is féidir leo:

1. Iarratas a dhéanamh ar **Athbhreithniú ar chinneadh** a rinneadh le linn an phróisis

**nó**

2. **Gearán a Dhéanamh** go raibh an próiseas roghnaithe atá i gceist míchothrom

Is féidir le hiarrthóir tabhairt faoi cheann amháin den dá nós imeachta maidir leis an ngné chéanna de phróiseas roghnaithe, ach ní féidir leo tabhairt faoin dá cheann. Sa chás gur tharla próiseas athbhreithnithe ar phróiseas roghnaithe faoi Alt 7 (de réir mar a leagtar amach thíos) den Chód Cleachtais, ní féidir le gearánaí athbhreithniú eile a lorg faoi Alt 8, seachas i gcásanna fíoreisceachtúla ar fad a shocróidh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) **ar a thoil**.

Níl aon dualgas ar poistphoiblí stad a chur leis an bpróiseas ceapacháin a fhad is atá siad ag plé le hAthbhreithniú nó le Gearán. Tá an CCSP ag súil leis, áfach, go ndéanfaidh poistphoiblí idirghabháil, más féidir, i gcásanna ina socraíonn sí gur cosúil go ndearnadh earráid.

**Iarratas a dhéanamh ar Athbhreithniú faoi Alt 7**

Is féidir le hiarrthóir iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh má tá siad míshásta le haon bheart nó chinneadh a rinne publicjobs.ie. Breathnóidh poistphoiblí ar iarratais ar athbhreithniú de réir na bhforálacha a leagtar amach in **Alt 7** den Chód Cleachtais um Phoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí, a fhoilsíonn an CCSP.

Nuair a dhéantar iarratas ar athbhreithniú, ní mór don iarrthóir na fíricí a léiríonn, dar leo, go raibh an gníomh nó cinneadh a rinneadh mícheart a chur i láthair. Is féidir go ndiúltófar d'iarratas ar athbhreithniú murar féidir leis an iarrthóir fíricí a chur i láthair maidir lena gcás.

Mar chuid d'Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil, déanfar scrúdú ar aon eolas atá ar fáil maidir leis an bpróiseas earcaíochta agus maidir leis an gcinneadh a rinneadh faoi iarratas an iarrthóra. Seolfar toradh an Phróisis Athbhreithnithe Neamhfhoirmiúil chuig an iarrthóir i scríbhinn.

- Ní mór iarratas ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil a dhéanamh taobh istigh de 5 lá oibre ó fuarthas toradh an chinnidh, agus de ghnáth, socrófar é sé idir an t-iarrthóir agus ionadaí de chuid poistphoiblí a raibh baint mhór acu leis an bpróiseas roghnaithe a riar.
- Sa chás go bhfuil an t-iarrthóir míshásta fós tar éis díospóireacht neamhfhoirmiúil dá leithéid a bheith acu, is féidir leo iarratas ar athbhreithniú foirmiúil a lorg mar seo thíos.

Ní mór iarratas ar Athbhreithniú Foirmiúil a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre tar éis fhógra an chéad chinnidh, nó laistigh de 5 lá oibre ó fógraíodh toradh an phróisis Athbhreithnithe Neamhfhoirmiúil. Ní féidir síneadh ar na teorainneacha ama seo a cheadú ach amháin i gcás imthosca atá neamhchoitianta ar fad agus is é an Príomhfheidhmeannach amháin a dhéanfaidh an cinneadh, mar is toil leo.

- Ní mór don iarrthóir a c(h)úis gearáin maidir leis an bpróiseas a chur i scríbhinn chuig an bPríomhfheidhmeannach (trí mheán an ríomhphoist chuig ceomailbox@publicjobs.ie, nó i scríbhinn chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, poistphoiblí, Áras na Caibidle, Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1), ina leagann siad amach na fíricí a léiríonn, dar leo, go bhfuil an beart a rinneadh nó an cinneadh a rinneadh mícheart.
- Déanfaidh duine atá iomlán neamhspleách ón bpróiseas roghnaithe an tAthbhreithniú Foirmiúil.
- Ní foláir toradh an Athbhreithnithe Fhoirmiúil a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre ó fuarthas an t-iarratas ar athbhreithniú de ghnáth. Mura ndéantar cinneadh de bharr an fhiosrúcháin le linn na tréimshe ama seo, ní mór do poistphoiblí an t-iarrthóir a choinneáil ar an eolas maidir le stádas an athbhreithnithe agus maidir le cúiseanna na moille.

**Gearán a dhéanamh faoi Alt 8**

Is féidir go gceapfadh iarrthóir gur sháraigh poistphoiblí Cód Cleachtais an Choimisiúin ar bhealach a chuireann as d'ionracas an chinnidh a rinneadh sa phróiseas ceapacháin. Tríd an bpróiseas gearáin is féidir le hiarrthóir gearán a dhéanamh faoi **Alt 8** chuig poistphoiblí ar dtús agus chuig an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ina dhiaidh sin ar achomharc sa chás go bhfuil siad míshásta fós.

Mar thoradh ar phróiseas Gearáin faoi Alt 8, is féidir go socróidh poistphoiblí nó an CCSP nár chloígh an próiseas earcaíochta agus roghnaithe atá i gceist leis an gcaighdeán a leagtar amach sa Chód Cleachtais. I gcásanna den chineál seo, is féidir go ndeánfaidh poistphoiblí agus an CCSP moltaí chun a chinntiú nach dtiocfaidh na deacrachtaí céanna chun cinn arís sa todhchaí. **Ní féidir leis an gCCSP ordú a thabhairt do poistphoiblí cinneadh a rinneadh le linn an phróisis cheapacháin a athrú.** Ba chóir d'iarrthóir atá ag iarraidh fiosrúchán a lorg maidir le cinneadh a rinneadh faoina n-iarratas mar chuid de phróiseas roghnaithe iarratas a dhéanamh ar Athbhreithniú faoi Alt 7, de réir mar a leagtar amach thuas.

Ní mór don ghearánaí na fíricí a léiríonn, dar leo, go raibh an próiseas mícheart a chur i láthair. Ní mór don ghearánaí an ghné den Chód a sáraíodh, dar leo, a shainaithint agus aon doiciméad ábhartha a chabhródh lena líomhain a chur leis. Is féidir go gcaithfear amach gearán ar bith murar féidir leis an ghearánaí tacaíocht a thabhairt dá líomhaintí trí thaispeáint conas nár chomhlíon poistphoiblí prionsabail an Chóid seo.

Mar chuid den Ghearán Neamhfhoirmiúil, déanfar scrúdú ar aon eolas atá ar fáil maidir leis an bpróiseas earcaíochta. Seolfar toradh an Ghearáin Neamhfhoirmiúil chuig an iarrthóir i scríbhinn.

- Ní mór Gearán Neamhfhoirmiúil a dhéanamh taobh istigh de 5 lá oibre ó fuarthas toradh an chinnidh, agus de ghnáth, socrófar é idir an t-iarrthóir agus ionadaí de chuid poistphoiblí a raibh baint mhór acu leis an bpróiseas roghnaithe a riar.
- Sa chás go bhfuil an t-iarrthóir míshásta fós tar éis díospóireacht neamhfhoirmiúil dá leithéid a bheith acu, is féidir leo iarratas ar athbhreithniú foirmiúil a lorg mar seo thíos.

Ní mór Gearán Foirmiúil a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre tar éis fhógra an chéad chinnidh, nó laistigh de 5 lá oibre ó fógraíodh toradh an Ghearáin Neamhfhoirmiúil. Ní féidir síneadh ar na teorainneacha ama seo a cheadú ach amháin i gcás imthosca atá neamhchoitianta ar fad agus is é an Príomhfheidhmeannach amháin a dhéanfaidh an cinneadh, mar is toil leo.

- Ní mór don iarrthóir a c(h)úis gearáin maidir leis an bpróiseas a chur i scríbhinn chuig an bPríomhfheidhmeannach (trí mheán an ríomhphoist chuig ceomailbox@publicjobs.ie, nó i scríbhinn chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, poistphoiblí, Áras na Caibidle, Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1), ina leagann siad amach na fíricí a léiríonn, dar leo, go bhfuil an beart a rinneadh nó an cinneadh a rinneadh mícheart.
- Déanfaidh duine atá iomlán neamhspleách ón bpróiseas roghnaithe fiosrúchán maidir leis an nGearán Foirmiúil.
- Ní foláir toradh an Ghearáin Fhoirmiúil a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre ó fuarthas an t-iarratas ar athbhreithniú de ghnáth. Mura ndéantar cinneadh de bharr an fhiosrúcháin le linn na tréimshe ama seo, ní mór do poistphoiblí an t-iarrthóir a choinneáil ar an eolas maidir le stádas an athbhreithnithe agus maidir le cúiseanna na moille.

**Tá tuilleadh eolais faoin nós imeachta thuas ar fáil sa Chód Cleachtais do Cheapacháin i bPost sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, www.cpsa.ie**

Bí ar an eolas: i gcás gur tharla athbhreithniú foirmiúil ar phróiseas earcaíochta agus roghnaithe faoi Alt 7 den Chód Cleachtais, ní féidir leis an ngearánaí athbhreithniú eile a lorg faoi Alt 8 seachas i gcásanna fíoreisceachtúla ar fad a shocróidh an Coimisiún ar a dtoil.

## Iarratas ar Aiseolas

Tá aiseolas maidir leis an bpróiseas roghnaithe ar fáil má lorgaítear é i scríbhinn. Níl aon tréimhse ama ar leith i gceist maidir le haiseolas a fháil maidir le hathscrúdú.

Tabhair faoi deara gur próiseas éagsúil an Próiseas Athbhreithnithe mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais agus go bhfuil tréimhse ama ar leith ar gá cloí léi i gceist. Níl sé riachtanach aiseolas a fháil chun athbhreithniú a lorg. Ní gá d’iarrthóir cás mionsonraithe a chur le chéile sula gcuirtear tús le hachomharc. Ní féidir síneadh a chur leis an tréimhse ama atá leagtha amach i gCód an CCSP ar chúis ar bith, lena n-áirítear aiseolas agus/nó torthaí athscrúduithe.

**Dualgais na nIarrthóirí**

Níl cead ag iarrthóirí:

- eolas bréagach a thabhairt go feasach nó go meargánta
- duine ar bith a chanbhasáil, le haslú nó gan aslú
- iarrthóir a phearsanú ag céim ar bith den phróiseas
- cur isteach ar an bpróiseas ar aon bhealach nó cur as dó

Ní mór a chuimhneamh go bhfuil próiseas iomaíoch i gceist don phost agus go bhfuil an t-ionracas fíorthábhachtach. Is féidir go ndícháileofar duine ón gcomórtas má roinneannm siad ábhar scrúdaithe le duine eile m.sh. trí na meáin shóisialta nó ar shlí ar bith eile.

Níl cead ag tríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag aon chéim den phróiseas.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil gach triail agus ábhar trialach faoi réir ag cóipcheart agus go bhfuil cosaint ar gach ceart. Ní féidir aon chuid den ábhar measúnaithe (sleachta eolais, ceisteanna nó roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann do fhreagraí san áireamh) nó ábhar bainteach nó agalla(i)mh a athchruthú nó a chraoladh i bhfoirm ar bith nó trí mhodh ar bith, lena n-áirítear modh leictreonach nó meicniúil, fótachóipeáil, priontáil, taifeadadh, modh scríofa nó eile, ag am ar bith. Má dheantar a leithéid, coir atá i gceist agus is féidir go bhfágfar as an bpróiseas roghnaithe thú dá bharr. Má bhriseann duine ar bith an fhoráil seo, nó má chuidíonn siad le duine/daoine eile an fhoráil seo a bhriseadh, is féidir go gcuirfear an dlí agus/nó agra sibihialta ar an duine sin as caillteanas cóipchirt nó maoine intleachtúla.

**Cód Cleachtais a Shárú**

Aon duine a sháraíonn na forálacha thuas, nó a chuidíonn le duine éigin eile na forálacha thuas a shárú, tá an duine sin ciontach i gcion. Is féidir fíneáil agus/nó príosúnacht, a chur ar dhuine atá ciontach i gcion.

Ina theannta sin, i gcás gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion,

- dícháileofar iad mar iarrthóir agus tógfar amach as an gcomórtas iad;
- má ceapadh iad i bpost tar éis an phróisis roghnaithe, cuirfear as an bpost iad.

**Fearas Taifeadta a Úsáid**

Ní cheadaíonn poistphoiblí aon fhearas taifeadta a úsáid gan chead. Baineann sin le taifeadadh fuaime ar bith nó pictiúr socair nó taifeadadh físe de chineál ar bith, is cuma má tá taifeadadh fuaime i gceist nó nach bhfuil, agus tá gach cineál feiste a úsáidtear don chuspóir sin i gceist.

Ní mór do dhuine ar bith ar mhian leo fearas dá leithéid a úsáid do cheann ar bith de na cúiseanna seo cead i scríbhinn a lorg roimh ré. Tá an polasaí seo i bhfeidhm chun príobháideachas na mball foirne agus na gcustaiméirí a chosaint chomh maith le hionracas an ábhair mheasúnaithe agus na bpróiseas measúnaithe.

Duine ar bith a úsáideann fearas taifeadta mar seo gan chead, tá an duine sin ag sárú an pholasaí seo. Is féidir iarrthóir ar bith a dhéanann sárú dá leithéid a dhícháiliú ón gcomórtas

agus d'fhéadfaí an t-iarrthóir sin a ionchúiseamh faoi alt 55 den Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004.

Ina theannta sin, sa chás gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion:

- Sa chás nár ceapadh an duine i bpost, dícháileofar iad mar mar iarrthóir, agus
- Sa chás gur ceapadh iad ina dhiaidh an phróisis earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh siad an ceapachán sin.

**An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS)**

Tháinig an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) isteach ar an 25 Bealtaine 2018 in ionad an chreata um chosaint sonraí a bhí i bhfeidhm faoi Threoir an AE um Chosaint Sonraí.

Nuair a chláraíonn tú ar publicjobs.ie nó má chuireann tú iarratas isteach, cruthaítear taifead ríomhaire faoi d'ainm. Úsáidtear eolas a chuireann tú isteach le d'iarratas ar phost chun d'iarratas a phróiseáil. Má bhaintear úsáid as tríú páirtí chun d'iarratas a phróiseáil, is féidir go mbeidh sé riachtanach eolas a thabhairt dóibh agus déanfar gach iarracht a chinntiú go bhfuil na sonraí slán.

Má roghnaítear thú ón gcomórtas earcaíochta agus roghnaithe, is féidir go gcuirfear d'iarratas ar aghaidh chuig rannóg na nAcmhainní Daonna san eagraíocht inar cuireadh ag obair thú.

Chun iarratas a dhéanamh teacht ar do shonraí pearsanta, seol d'iarratas chuig: dpo@publicjobs.ie agus bí cinnte go ndéanann tú cur síos cruinn ar na taifid atá á lorg agat chun gur féidir linn na taifid chuí a fháil.

Tá eolas i dtaca le sonraí pearsanta iarrthóra atá i seilbh poistphoiblí leagtha amach ar an leathanach dar teideal Cosaint Sonraí ar www.publicjobs.ie.

**Nochtaí Cosanta**

Tá Polasaí poistphoiblí i dtaca le Nochtaí Cosanta (lena n-áirítear Roghanna Tuairiscithe do gach duine a chlúdaítear sa Pholasaí) ar fáil**anseo**

**Canbhasáil**

Ní foláir d'iarrthóirí a thuiscint go ndéanfar duine a dhícháiliú de thoradh canbhasála agus go ndéanfar iad a eisiamh ón bpróiseas dá dheasca.

**Eile**

Is féidir go ndéanfaidh páirtithe eile cuid den phróiseas iarratais. I gcásanna dá leithéid beidh sé riachtanach do chuid eolais a roinnt idir poistphoiblí agus na páirtithe seo chun d'iarratas a phróiseáil.

poistphoibli
publicjobs

publicjobs,
Chapter House,
26/30 Upper Abbey Street,
Dublin 1.
Eircode: D01 C7W6.
Phone: 01 858 7400

You can also keep up to date on **publicjobs.ie** and follow us on our social platforms: